ncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuarascáil Bhliantúil 2018



Pictiúr Clúdaigh:  Comhairle an NCSE, 2016-2018.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

# Tuarascáil Bhliantúil 2018

Meitheamh 2019

© NCSE 2019

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

1-2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co na Mí

T: 046 948 6400

www.ncse.ie

# Clár


Tuairisc chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE 3

Réamhrá: Ár gCur Chuige Straitéiseach 9

Príomhghaiscí 13

Sprioc Straitéiseach 1: Tacú le scoileanna maidir le torthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta maraon le réimse socrúchán oideachais a chinntiú 17

Sprioc Straitéiseach 2: Clár taighde a sholáthar chun ceisteanna lárnacha, nósanna a thagann chun cinn agus bonn fianaise a aithint, é sin go léir chun tacú le saothar an NCSE um thorthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta 27

Sprioc Straitéiseach 3: Comhairle polasaí agus cleachtais a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna a bheidh neamhspleách, sainniúil agus bunaithe ar fhianaise 35

Sprioc Straitéiseach 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle deachleachtais san oideachas agus oiliúint do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a chur ar fáil 43

Sprioc Straitéiseach 5: Eagraíocht éifeachtach a choimeád a chloíonn le riachtanais idir dhlíthiúil agus corparáideach maraon le straitéisí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú do thuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal mór 47

Rialú 51


## Aguisíní (1-5)


Aguisín 1: Deimhnithe um Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialú Chomhlachtaí Stáit (2016) 61

Aguisín 2: Foireann NCSE 63

Aguisín 3: Eolas Staitistiúil do na Scoilbhlianta 2011-12 agus 2017-18 65

Aguisín 4: Cur síos ar na Catagóirí Míchumais 68

Aguisín 5: Gluais na nAcrainmneacha a Úsáidtear 71

Aguisín 6: Físghrafaic Staitisticí 72

# Tuairisc chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE

**Meitheamh 2019**
**An tUas Seosamh Mac Aodha, TD**
**Aire Oideachais agus Scileanna**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
**Sráid Mhaoilbhríde**
**Baile Átha Cliath 1**

A Aire, a chara

De réir riachtanais an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais oideachais Speisialta acu, 2004, is mór an onóir dom, mar Chathaoirleach ar an NCSE, ár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2018 a bhronnadh ort.

Bhí an NCSE an-ghnóthach ar fad i rith na bliana 2018.

Mí Bealtaine, foilsíodh ár nAthbhreithniú Cuimsitheach ar an Scéim Cúntóirí Riachtanais Speisialta (SNA). Sa chomhairle polasaí úd, a seoladh chugat Márta 2018, luadh roinnt moltaí um scoláirí ag a mbíonn riachtanais chúraim bhreise á gcuimsiú sa chóras oideachais. Go háirithe moladh go bhforbrófaí Samhail Cuimsiú Scoile chun díriú ar na tacaíochtaí cuí a sholáthar in am tráth do na scoláirí ceanna. Moladh clár nua oiliúna do na SNA maraon le samhail nua dáilte SNA.

Bhí an Rialtas agus An Roinn Oideachais agus Scileanna tiomanta go daingean don tsamhail úd a fheidhmiú ar bhonn céimiúil maraon le maoiniú a sholáthar sa Bhuiséad 2019. Is maith liom go speisialta a rá go bhfuil foireann NCSE ag obair go dlúth le hoifigigh na Roinne chun an tiomantas úd a chur i gcrích.

Le linn na bliana 2018 tharla soláthar céimneach ar an dTionscadal Taispeántais um Thacaíocht Teiripe Réamhscoile do 75 scoil agus 75 réamhscoil ar láithreacha i mBaile Átha Cliath, Cill Mhantáin agus Cill Dara.

Trín dtionscnamh spreagúil seo, faoir stiúir na Roinneagatsa agus bainistiú an NCSE, rugadh isteach breis cumais agus tacaíochtaí teiripeach in oiriúint do scoileanna is réamhscoileanna ar son feabhas ar thorthaí do na leanaí agus comhoibriú níos fearr a chothú i measc foirne scoile agus réamhscoile, teiripithe agus tuismitheoirí. Faoin dtionscnamh úd féadfar freastal ar riachtanais scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta ar bhonn nuálach. Tá an NCSE ag súil go mór leis na torthaí a thuairisciú duit an bhliain seo chugainn 2019.

Tar éis seirbhísí oideachais ar leith a thrasnú i 2017 isteach san NCSE, leanadh i 2018 de struchtúr sealadach réigiúnach do sheirbhísí tacaíochta NCSE. Bunaíodh 10 meitheal thar cúig réigiún. Orthusan tá comhairleoirí, múinteoirí cuairte agus eagraithe riachtanais speisialta (SENO). Cuirfidh siad siúd seirbhís chomhordaithe ar fáil do scoláirí, scoileanna is teaghlaigh chun torthaí scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a fheabhsú. Tá an saothar úd mar a bheadh bloc tógála a thacóidh leis an tSamhail Cuimsiú Scoile agus an Tionscadal Taispeántais um Thacaíocht Teiripe.

Anuas ar thuarascáil bhliantúil a sholáthar faoin Acht EPSEN, tá dualgas freisin orm mar a leanas faoin gCód Cleachtais 2016 um Rialú Comhlachtaí Stáit:

- Ní comhlacht Stáit tráchtála í NCSE. Níl fochomhlacht, beartas páirte ná scairshealbhú againn. Ní raibh aon tionchar ag imeachtaí suntasacha tráchtála ar an NCSE i 2018. Níltear ag súil lena leithéid d'fhorbairt.
- Is mar a nochtaítear í inár gcuntais bhliantúla 2018 atá staid airgeadais NCSE agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthusan. Ach an t-iniúchadh déanta, seoltar chugat ar leith na cuntais úd faoi Alt 29 den Acht EPSEN agus, de réir gá, ina dteannta beidh tuairisc uaim féin agus deimhnithe maidir leis an gcóras NCSE um Airgeadas Inmheánach a Rialú maraon leis an ráiteas riachtanach rialaithe agus tuairisc baill an bhoird.
- Chríochnaigh an Chomhairle NCSE measúnú ar fheidhmíocht NCSE trí thagairt don phlean bhliantúil agus buiséad mí na Nollag 2018.
- Coimisiúnaíodh agus críochnaíodh measúnú seachtrach ar fheidhmíocht na Comhairle i 2018.
- Ghlac an NCSE leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2016 agus géilltear go hiomlán don Chód céanna.
- Sa chomhthéacs úd, dearbhaím:
  - Gur cloíodh leis na cleachtais chuí um thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal agus díol sócmhainní.
  - Leanann NCSE den pholasaí Rialtais maidir le cúrsaí fála poiblí agus ár bPlean reatha Fála Poiblí a fheidhmiú. I gcás dhá chonradh, áfach, aithníodh neamhghéilliúlacht do na treoirlínte agus nochtaíodh an méid sin inár Ráiteas Rialú Inmheánach sna cuntais bhliantúla.
  - Cloíonn NCSE leis na gnéithe agus cleachtais chuí atá sa Chód Caiteachais Phoiblí.
  - Rinne an NCSE measúnú oiriúnach ar phríomhrioscaí, san áireamh bhí cuntas orthusan agus, nuair ba chuí, cur síos ar na rioscaí céanna chomh maith le bearta agus straitéisí maolaithe.
  - Géilleann baill nua NCSE don Chód NCSE um Iompar Gnó do Bhaill Bord Stáit.
  - Géilleann fostaithe nua NCSE don Chód Cleachtais do Sheirbhísí Poiblí.
  - Géilleann tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh agus fostaithe do pholasaí an Rialtais.
  - Ní íoctar táillí stiúrthóra le baill Chomhairle NCSE. Mínítear costais na mBall éagsúla Comhairle sa tuairisc rialaithe a fhoilsítear ar leith ón dtuairisc seo.
  - Géilleann an NCSE do na treoracha um mholtaí caiteachais caipitiúil a mheas agus a bhainistiú.
  - Géillean NCSE do riachtanais Rialtais um pholasaí taistil.
  - Níl NCSE ag súil le haon imeachtaí suntasacha tar éis don chlár fuílleach a bheith réidh.

Tá breis dearbhú ar ghéilliúlacht do riachtanais an Chóid ar fáil in Aguisín 1.

Le linn 2018, leanamar de phoist SNA a dháileadh ar scoileanna ar son riachtanais oideachais speisialta. Mar a mhínítear sa tuairisc, faoi dheireadh na scoilbhliana 2017-18 bhí os cionn 14,000 post SNA ar bun chun tacú le breis is 34,000 scoláire ag a bhfuil riachtanais chúraim bhreise. Leanamar den saothar leis an Roinn agatsa chun an próiseas um Mhúinteoir Oideachas Speisialta a dháileadh.

Ar iarratas uait, chrom an Chomhairle ar shaothar um chomhairle polasaí nua chun ranganna agus scoileanna speisialta in Éirinn a athbhreithniú. I 2018 bunaíodh comhairliúchán leathan maraon le próiseas ildhualach taighde. Leanfar den saothar úd go ceann na bliana 2019 agus tá súil agam go mbeidh an Chomhairle in ann tuairisc ar dhul chun cinn a sheoladh chugat laistigh den tréimhse céanna.

Anuas ar an dtaobh taighde den chomhairle polasaí úd, leanadh dár gclár bliantúil iltaighde nuair a cuireadh dhá thionscnamh chun cinn agus bunaíodh ceann amháin – measúnú ar léiriú teiripe laistigh den scoil agus réamhscoil.

D'fhreastail breis is 200 toscaire ar ár gcomhdháil bhliantúil taighde mí na Samhna. Tháinig an-chuid toscairí nua agus ó earnála éagsúla i mbliana, iad meallta ag téamaí mar fhoghlaim ar feadh an tsaoil d'aosaigh faoi mhíchumas agus soláthar tacaíochtaí teiripe laistigh den scoil.

Beidh an NCSE sásta aon eolas breise nó soiléiriú faoinár ngníomhaíochtaí i 2018 a chur ar fáil.

Mise le meas

**Joe Hayes**
*Cathaoirleach,*
*An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta*

# Réamhrá:

## Ár gCur Chuige Straitéiseach

# Réamhrá

## Ár gCur Chuige Straitéiseach

Tá fís ag an NCSE’s mar shochaí ina dtacaítear le leanaí agus daoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta maidir le torthaí feabhsaithe agus a mianach féin a bhaint amach.

Agus sinn ag iarraidh an fhís a chur i gcrích, tá roinnt gníomhaíochtaí againn a d’eascair ónár bhfeidhmeanna mar a mhínítear in Alt 20 den Acht um Oideachas do Daoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004. Go háirithe, orthusan tá:

- Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a phleanáil agus a chomhordú.
- Taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú.
- Comhairle um pholasaí don oideachas speisialta a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna.
- Eolas, an deachleachtas san áireamh, maidir le hoideachas speisialta a scaipeadh ar thuismitheoirí, scoileanna agus daoine eile leasmhara.
- Dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha lena chinntiú go gcuirtear a gcuid eolais agus saintaithí san áireamh nuair a fhorbraítear polasaí NCSE.
- Athbhreithniú agus comhairle maidir le soláthar oideachais d’aosaigh a bhíonn faoi mhíchumas.

I dTábla 1 anso thíos mínítear na cúig sprioc straitéiseach atá inár ráiteas straitéise. Leagadh amach an tuairisc seo thart ar na spriocanna úd agus tuairiscítear an dul chun cinn ar gach ceann díobh.

**Tábla 1: Ráiteas Spriocanna Straitéiseacha NCSE 2017-21**

| |
|---|
| ▶ **Sprioc 1:** Tacú le scoileanna maidir le torthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta maraon le réimse socrúchán oideachais a chinntiú. |
| ▶ **Sprioc 2:** Clár taighde a sholáthar chun ceisteanna lárnacha, nósanna a thagann chun cinn agus bonn fianaise a aithint, é sin go léir chun tacú le saothar an NCSE um thorthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. |
| ▶ **Sprioc 3:** Comhairle polasaí agus cleachtais a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna a bheidh neamhspleách, sainniúil agus bunaithe ar fhianaise. |
| ▶ **Sprioc 4:** Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle deachleachtais san oideachas agus oiliúint do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a chur ar fáil. |
| ▶ **Sprioc 5:** Eagraíocht éifeachtach a choimeád a chloíonn le riachtanais idir dhlíthiúil agus corparáideach maraon le straitéisí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú do thuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal mór. |

# Príomhghaiscí

# Príomhghaiscí

Ag seo thíos tá achoimre ar chuid dár ngaiscí suntasacha le linn 2018:

I rith na scoilbhliana 2017-18 rinne NCSE an méid seo a leanas:

- Bhí teacht ag breis is 34,000 scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta maraon le riachtanais suntasach cúraim ar thacaíocht ó chúntóir riachtanais speisialta (SNA).
- Rinneadh próiseáil ar bhreis is 8,700 iarratas nua ó scoileanna maidir le rochtain tacaíocht SNA do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- Rinneadh próiseáil ar bhreis is 3,500 iarratas nua ar iompar scoile do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- Rinneadh próiseáil ar bhreis is 4,100 iarratas nua ar theicneolaíocht chúntach/ trealamh speisialta do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- Bunaíodh breis is 1,300 rang speisialta i scoileanna lárshrutha agus áiteanna iontu do 8,370 scoláire.

In 2018 freisin, rinne an NCSE na bearta seo:

- Foilsíodh Athbhreithniú Cuimsitheach ar an Scéim Cúntóirí Riachtanais Speisialta, a mhol go bhforbrófaí Samhail nua Imeascadh Scoile do scoláirí ag a mbíonn riachtanais bhreise chúraim.
- Cuireadh tús le soláthar céimneach ar an dTionscadal Taispeántais um Thacaíocht Teiripe Réamhscoile ar fud 75 scoil agus 75 réamhscoil.
- Leanadh den bhforbairt ar struchtúir sealadach réigiúnach chun tacu le scoláirí, scoileanna agus teaghlaigh. Chuige sin bunaíodh deich bhfoireann laistigh de chúig réigiún, cuireadh saintaithí éagsúil le chéile ó eagraithe riachtanais speisialta (SENO), múinteoirí cuairte agus comhairleoirí. Cuireann an lucht proifisiúnta úd seirbhís comhordaithe ar fáil i dtreo torthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Bunaíodh rannóg polasaí agus cleachtais freisin, beart a chuir go mór leis an NCSE ag díriú ar dheachleachtas a fhorbairt.
- Críochnaíodh próiseas athbhreithnithe trí bliana ar dháiltí SNA de réir Ciorclán ROS 0030/2014.
- Tosaíodh ar athbhreithniú ar scoileanna agus ranganna speisialta ar iarratas ón Aire Oideachais agus Scileanna.
- Fáiltíodh roimh an chomhdháil bhliantúil taighde mar a raibh breis is 200 toscaire, díríodh ar thrasnuithe agus foghlaim ar feadh an tsaoil d'aosaigh faoi mhíchumas agus soláthar teiripe laistigh den scoil.

## Plean Gnímh Oideachais an Roinn Oideachais agus Scileanna 2016-19

Sa Phlean Gnímh Oideachais an ROS 2016-2019 leagtar síos fís do chóras oideachais agus oiliúna in Éirinn mar an córas is fearr san Eoraip go ceann na deich mbliana atá romhainn agus deis ag cách an leas is fearr a bhaint as a mianach. I gcroílár na gcúig sprioc sa phlean gnímh tá tacaíocht d'fhoghlaimeoirí, díríonn Sprioc 2 ar fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil nó lucht riachtanais oideachais speisialta.

Lean an NCSE de shaothrú leis an ROS i 2018 chun spriocanna agus gnímh aitheanta a sholáthar laistigh den scála cuí ama, san áireamh bhí athbhreithniú trí bliana ar an scéim SNA, scoileanna a chur ar an eolas faoina ndáileadh SNA roimh dheireadh na scoilbhliana 2017-18, tacú leis an samhail um dháileadh múinteoirí oideachais speisialta agus tús a chur leis an dtionscadal taispeántais um thacaíocht teiripe laistigh den scoil agus réamhscoil.

Leanfaidh an NCSE de shaothrú leis an ROS chun gnímh eile aitheanta nó gaolmhara a chríochnú laistigh den scála cuí ama, san áireamh beidh feidhmiú, monatóireacht agus measúnú ar an dtionscnamh léiriú teiripe, forbairt bhreise ar an seirbhís tacaíochta NCSE maraon le hathbhreithniú ar scoileanna agus ranganna speisialta a chur chun cinn.

# Sprioc Straitéiseach 1

Tacú le scoileanna maidir le torthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta maraon le réimse socrúchán oideachais a chinntiú

# Sprioc Straitéiseach 1

## Tacú le scoileanna maidir le torthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta maraon le réimse socrúchán oideachais a chinntiú

Déanann NCSE pleanáil, comhordú agus athbhreithniú ar an soláthar bhreis tacaíochtaí oideachais sna scoileanna mar a mbíonn scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, de réir polasaí an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Gach bliain féadfaidh breis is 4,000 scoil iarratas a sheoladh chuig an eagraí áitiúil NCSE riachtanais oideachais speisialta (SENO) ag lorg réimse acmhainní ag brath ar riachtanais na scoile mar a leanas:

- tacaíocht SNA (cúntóir riachtanais speisialta)
- teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialtachta, agus/nó
- socruithe iompair scoile as an gnáth

Faoi láthair bíonn an chuid is mó de scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta istigh i ranganna lárshrutha. Is fíor, áfach, go bhfuil teacht ag scoláirí ar an réimse iomlán soláthair idir lánaimseartha i rang lárshrutha go lánaimseartha i scoil speisialta. Cuimsíonn an réimse soláthair na roghanna seo a leanas:

- **Rang lárshrutha** mar ab fhéidir leis an scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta tacaíocht bhreise a fháil ón mhúinteoir trí dhifreáil sa churaclam agus/nó tacaíocht bhreise teagaisc ó mhúinteoir oideachais speisialta.
- **Rang speisialta i scoil lárshrutha** mar a mbíonn idir seisear agus 11 scoláire in aon rang speisialta, ag brath ar an ngá áirithe oideachasúil.
- **Scoil speisialta** do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta atá níos casta mar a mbíonn idir seisear agus 11 scoláire sa rang, ag brath ar an ngá áirithe oideachasúil.

Anuas air sin, tugann an tSeirbhís Múinteoir Cuairte comhairle agus tacaíocht chun a chinntiú go ndéantar cúram de riachtanais leanaí is daoine óga atá bodhar/faoi bhac éisteachta nó dall/faoi bhac radhairc. Baineann an tseirbhís úd le gach aon leibhéal idir réamhscoile, bunscoile agus iarbhunscoile.

# Acmhainní do Scoileanna sa Scoilbhliain 2017-18

## Iarratais ar Thacaíochtaí Breise

I rith na scoilbhliana 2017-18[1] rinne na SENO próiseáil ar os cionn 16,500 iarratas ar thacaíochtaí breise do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta faoi na trí scéim a luaitear anso thuas. I dTábla 1 anso thíos luaitear an líon iarratais a bhí i gceist faoi gach scéim ar leith.

**Tábla 1: Achoimre ar Iarratais a ndearna NCSE Próiseáil orthu sa Scoilbhliain 2017-18**

| Scéim | Líon Iarratas |
|---|---|
| SNA | 8,781 |
| Iompar Scoile | 3,597 |
| Teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta | 4,157 |
| Iomlán | 16,535 |

## Ranganna Speisialta

Cheadaigh SENO 174 rang nua speisialta a bhunú sa scoilbhliain 2017-18. Faoi dheireadh na scoilbhliana bhí 1,304 rang speisialta i scoileanna lárshrutha agus 8,370 áit ar fáil. Seo méadú glan mar 915 áit ar an mbliain roimhe sin.

## Scoileanna Speisialta

I rith na scoilbhliana 2017-18, cláraíodh os cionn 7,900 scoláire i scoileanna speisialta trí thacaíocht NCSE. Dháil an NCSE 1,204 múinteoir agus 2,470 SNA ar scoileanna speisialta i 2017-18. B'iad 1,197 múinteoir agus 2,405 SNA na figiúiri dá réir don scoilbhliain roimhe sin 2016-17.

8,370 áit anois ar fáil i 1,304 rang speisialta i scoileanna lárshrutha

## Tacaíocht SNA

Faoi dheireadh na scoilbhliana 2017-18, bhí tacaíocht SNA faighte ag breis is 34,500 scoláire. B'in méadú ar an mbliain roimhe sin, 32,500 scoláire. Tháinig méadú freisin ar an líon post SNA dáilte ar bhunscoileanna, iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta faoi dheireadh 2017-18 ó 13,006 go 14,063.

1 Leanann an scoilbhliain 2017-18 ó Mheán Fómhair 2017 go Meitheamh 2018.

## Tacú le feidhmiú leanúnach na Samhla um Dháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta

Mí Meán Fómhair 2017 rugadh isteach samhail nua chun múinteoirí oideachais speisialta a dháileadh. Ar dtús dáileadh os cionn 13,200 múinteoir i 2017 don dá scoilbhliain 2017-18 agus 2018-19. Tá liosta scoileanna agus an dáileadh SET atá acu ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE.

13,396 múinteoir oideachais speisialta dáilte ar scoileanna faoi dheireadh 2018

Lean an NCSE den samhail a fheidhmiú i 2018 trín bhfoireann áitiúil ag plé le scoileanna. Leanadh freisin den athbhreithniú ar chásanna a chríochnú má bhí cúinsí eisceachtúla sa scoil a tharla tar éis don dáileadh bunúsach a shuimiú. Don scoilbhliain 2017-18, fuarthas 70 iarratas faoin bpróiseas eisceachtúil úd athbhreithnithe. Astusan, seoladh 22 don athbhreithniú agus fuair 17 scoil dáileadh nua breise.

Tá breis eolais maidir leis an bpróiseas athbhreithniú SET ar fáil i gCiorcláin ROS 0013/2017 agus 0014/2017.

## Acmhainní Scoile don scoilbhliain 2018-19[2]

Lean foireann NCSE den phlé le scoileanna chun tacú leis an samhail dáileadh SET a fheidhmiú. Rinneadh athnuachan freisin ar iarratais nua ar athbhreithniú dáilte sa chás gur tharla cúinsí eisceachtúla sa scoil i rith na scoilbhliana 2018/19. Thosaigh an próiseas úd mí Dheireadh Fómhair 2018, fuarthas 56 iarratas faoi dheireadh mí na Nollag 2018.

De bharr athbhreithniú eisceachtúil i 2017 agus 2018, tháinig méadú go 13,396 ar an líon múinteoirí oideachais speisialta sna scoileanna.

I dTábla 2 anso thíos leagtar amach líon na SNA dáilte ar scoileanna faoi dheireadh mí na Nollag 2018.

**Tábla 2: An Líon post SNA**

| | Deireadh na scoilbhliana 2017-18 | Deireadh mí na Nollag 2018 |
|---|---|---|
| **Poist SNA** | **14,063** | **14,973** |

2 Leanann an scoilbhliain 2018-19 ó Mheán Fómhair 2018 go Meitheamh 2019.

## An Próiseas Achomhairc um Chúntóir Riachtanais Speisialta

Gach bliain tagann achomhairc ó scoileanna nó tuismitheoirí maidir le cinntí um dháileadh SNA. Faoi dheireadh mí na Nollag 2018, fuarthas 79 achomharc as an 8,700 cinneadh SNA.

**Tábla 3: Figiúirí Achomhairc um Chinneadh SNA faoi dheireadh mí na Nollag 2018**

| | |
|---|---|
| Líon iomlán achomharc SNA faighte | 79 |
| Achomhairc ar seasadh leo | 7 |
| Achomhairc a ndiúltaíodh dóibh | 59 |
| Achomhairc a tarraingíodh siar | 5 |
| Achomairc fós idir lámha | 18 |

**Seirbhís Tacaíochta NCSE do Scoileanna**

Don bhliain féilire 2018

- Reachtáladh 465 cúrsa
- bhí 16,467 múinteoir tar éis páirt a ghlacadh i bhforbairt phroifisiúnta agus foghlaim ag seimineáir idir NCSE agus ócáidí don bhFoireann Iomlán
- bhí 18,564 lá don bhforbairt phroifisiúnta agus foghlaim ar fáil do sheimineáir idir NCSE agus ócáidí don bhFoireann Iomlán
- fuarthas 1,862 iarratas ó scoileanna ar thacaíocht laistigh den scoil[3]

I gColáiste Aingil, Sligeach, (coláiste de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh [NUIG]), tá cúrsa do theastas/dioplóma iarchéime i riachtanais oideachais speisialta (aicídí speictream uathachais (ASD)[4] i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachcas Speisialta (NCSE) dóibh siúd a mhúineann scoláirí ag a bhfuil ASD. Mí na Samhna 2018, bhain beirt mhac léinn teastas, bhain 21 mac léinn dioplóma agus bronnadh Máistreacht (MA SEN [ASD]) ar bheirt.

Tá córas ag an NCSE chun rochtain cúrsaí áirithe trín Ionad Uathachais Middletown a éascú do mhúinteoirí a bhíonn ag obair le scoláirí ag a bhfuil uathachais. I 2018 oileadh céad is a daichead múinteoir i seimineáir Middletown[5].

**Seirbhís Múinteoir Cuairte**

Tacaíonn ár múinteoirí cuairte le leanaí atá bodhar/faoi bhac éisteachta agus dall/faoi bhac radhairc agus lena muintir. Déantar é sin sa bhaile nó sna scoileanna. I 2018, thacaigh ár muinteoirí cuairte le 4,900 dalta scoile agus 775 leanbh an-óg/réamhscoile, clúdaíodh thart ar 2,550 scoil agus 355 réamhscoil.

3 Sa tacaíocht laistigh den scoil d'fhéadfaí cúnamh a thabhairt trí fheidhmiú SET, tacaíocht a sholáthar agus FGL a fhorbairt is a chur ar fáil do mhúinteoirí.

4 Féach Ciorclán ROS 0006/2018.

5 Tionscadal oideachais Thuaidh-Theas is ea Ionad Uathachais Middletown a bunaíodh i 2007 trí mhaoiniú ón Roinn Oideachais (RO), Tuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), Éire.

## An Tionscadal Taispeántais um Thacaíocht Teiripe á Fheidhmiú laistigh den Scoil agus sa Réamhscoil

I ndiaidh an-chuid saothar idir fhorbairt is pleanáil go deireanach i 2017 agus 2018, cuireadh tús mí Mheán Fómhair 2018 leis an dTionscadal Taispeántais um Thacaíocht Teiripe laistigh den scoil agus sa Réamhscoil a fheidhmiú. Tionscnamh nuálach, trasearnála iláisínteachta is ea é seo faoi stiúir NCSE. Tá tús á chur le samhail tacaíochta teiripe ilsraitheach d'fhoirne scoile, teiripigh urlabhra agus teanga (SLT), teiripigh cheirde (OT) agus teaghlaigh.

Tosaíodh ar sholáthar céimneach don tionscadal i 75 scoil agus 75 suíomh réamhscoile in áiteanna i mBaile Átha Cliath Theas, Cill Dara agus Cill Mhantáin Thiar. Trí chumas a thógáil agus comhpháirtíocht idir an teiripeach agus an múinteoir, dírítear ar thacaíocht a sholáthar ar bhonn dian, dírithe agus uilíoch chun foghlaim, plé agus freastal ar gach scoláire a éascú.

**75 scoil agus 75 réamhscoil páirteach sa Tionscadal Taispeántais um Thacaíocht Teiripe laistigh den Scoil**




Richard Bruton TD, a bhí ina Aire Oideachais agus Scileanna lena linn sin, ag seoladh an Tionscadal Taispeántais um Thacaíocht Teiripe laistigh den Scoil agus sa Réamhscoil, Bealtaine 2018. Tá an tionscadal faoi stiúir an NCSE.

## Gradam Speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2018

D'urraigh NCSE gradam speisialta ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2018. Bronntar an gradam ar an dtionscnamh is fearr a léiríonn feasacht is tuiscint ar leanaí agus daoine óga ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus/nó tionchar díreach ar an saol acu.

I mbliana bronnadh gradam speisialta NCSE ar Ashleigh Wood, Lucy Quirke agus Elspeth McIntosh ó Scoil Ghraiméir Droichead na Banndan i gCorcaigh. Ba é teideal an tionscnaimh ná "Disléicse: Fadhb Fhoghlama nó Tallann Cheilte?"



Teresa Griffin, Príomhfheidhmeannach, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ag bronnadh Gradam An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar Ashleigh Wood, Lucy Quirke agus Elspeth McIntosh ó Scoil Ghraiméir Droichead na Banndan ar son a dtionscnamh "Disléicse: Fadhb Fhoghlama nó Tallann Cheilte" sa Chatagóir Grúpa Meánach don Eolaíocht Shóisialta agus Iompair.

## An bua ag an NCSE sna Gradaim Státseirbhíse Feabhais agus Nuála

Gach aon bhliain, déantar gearrliosta de thionscadail áirithe ar fud na Státseirbhíse do na Gradaim Státseirbhíse Feabhais agus Nuála. Samplaí is ea na tionscadail úd den deachleachtas aagus nuáil ar fud Ranna agus Oifigí Rialtais. I 2018, bhí an NCSE mar chuid de mheitheal a bhain an Gradam Tionchar ar Shaoránaigh don Samhail Rochtain agus Imeascadh (AIM). Cuireann AIM eolas breise, treoir agus acmhainní ar fáil do réamhscoileanna chun tacú le leanaí óga a mbíonn cúnamh breise uathu is iad ag feastal ar shuíomh lárshrutha.



# Sprioc Straitéiseach 2

Clár Taighde a sholáthar chun ceisteanna lárnacha, nósanna a thagann chun cinn agus bonn fianaise a aithint, é sin go léir chun tacú le saothar an NCSE um thorthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta

# Sprioc Straitéiseach 2

**Clár taighde a sholáthar chun ceisteanna lárnacha, nósanna a thagann chun cinn agus bonn fianaise a aithint, é sin go léir chun tacú le saothar an NCSE agus torthaí feabhsaithe a bhaint amach do scoláirí ag a mbíonn riachtanis oideachasúla speisialta**

## Réamhrá

Bíonn ról an-mhór ag an dtaighde i saothar an NCSE. Cuirtear le heolas doimhin ar cheisteanna oideachais speisialta, cloistear faoi na forbairti is déanaí agus cuirtear lenár mbonn fianaise a bheidh mar chuid den gcomhairle polasaí a chuirtear ar an Aire Oideachais agus Scileanna.

I 2018, d'fhoilsíomar cúig théama taighde, san áireamh bhí trí cinn a bhain leis an Athbhreithniú Cuimsitheach ar an Scéim Cúntóirí Riachtanais Speisialta. Cuireadh dhá thionscnamh eile taighde chun cinn agus coimisiúnaíodh staidéar nua. Ina dteannta san d'fhreagraíomar an-chuid iarratais ar staitisticí, sonraí taighde agus tuairiscí.

> I 2018, foilsíodh cúig phíosa taighde, san áireamh trí cinn a bhain leis an Athbhreithniú Cuimsitheach ar an Scéim Cuntóirí Riachtanais Speisialta, tharla dul chun cinn ar dhá thionscnamh taighde agus coimisiúnaíodh staidéar nua

## Ár bhFoilseacháin

### Oideachas Tosaigh um Imeascadh do Mhúinteoirí: Tuairisc ar Chéim 1 agus Céim 2

Staidéar domhanfhaid ceithre bliana is ea An tOideachas Tosaigh um Imeascadh do Mhúinteoirí (ITE4I) a iarrann ar thionchar athruithe ar oiliúint múinteoirí in Éirinn a scrúdú chomh fada is a bhaineann le scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a mhúineadh. Leanann an staidéar na múinteoirí ó bhliain deiridh an chlár ITE go deireadh an dara bliain mar mhúinteoir cáilithe.

Sa tuairisc ar an gcéad dhá chéim sa tionscnamh scrúdaíodh ábhair 30 clár oideachais tosaigh do mhúinteoirí (ITE) ó 13 soláthróir in Éirinn. Rinneadh suirbhé freisin ar 437 mac léinn sa bhliain deiridh ITE agus cuireadh agallamh ar 47 acu faoina dtaithí ar oiliúint múinteoirí agus a dtuairimí faoina bheith ag ullmhú do ghairm mar mhúinteoir imeasctha. Cuireadh agallamh freisin ar dhuine is fiche den bhfoireann soláthróirí ITE mar chuid den staidéar.

## Foilsíodh an chéad tuairisc ón mhórstaidéar domhanfhaid ar Oideachas Tosaigh ar Imeascadh do Mhúinteoirí

Léirigh na torthaí go raibh meon dearfach ag ábhair múinteoirí ina gcur chuige don mhúineadh imeasctha agus bhraith siad ullamh dó ó thaobh prionsabail agus dearcadh de. Bhí múinteoirí áirithe, áfach, nár bhraith go raibh siad ullamh dá gcuid eolais agus scileanna a chur i bhfeidhm mar chleachtais imeasctha ar scoil. Cé gur thuairiscigh oideachasóirí na múinteoirí gur thacaigh siad le cleachtais imeasctha a chur chun cinn sna scoileanna, luaigh cuid acu gur bhraith siad nár clúdaíodh a leithéid de chleachtais minic go leor sna cláir ITE agus nach raibh dóthain eolais acu féin ar chleachtais imeasctha/oideachas speisialta.

Leantar den staidéar, tá na céimeanna deiridh nach mór reidh – féach anso thíos sa mhír 'taighde leanúnach'.

### Eispéiris Oideachais agus Torthaí Leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta: Céim 2 – idir 9 agus 13 bliana d'aois. Anailís Thánaisteach ar Shonraí ón Staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn

Sa tuairisc seo rinneadh anailís ar shonraí ón staidéar domhanfhaid *Ag Fás Aníos in Éirinn* (GUI) chun taithí scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i réimsí difriúla a scrúdú is iad in aois 13 bliana, scrúdaíodh freisin an dul chun cinn ó aois 9 mbliana i gcomparáid lena bpiaraí nach bhfuil a leithéid de riachtanais acu. Scrúdaíodh léamh, matamaitic, dearcadh i leith na scoile, rátaí tinrimh, folláine, mothúcháin agus taithí ar bhulaíocht. Ar an iomlán, tharla anailís ar shonraí 2,017 scoláire ag a raibh riachtanais oideachais speisialta in aois 9 mbliana agus/nó 13 bliana as sampla iomlán mar 7,525 scoláire sa staidéar GUI.

Tugtar faoi deara sa tuairisc go ndearna iad siúd a bhí 13 bliana d'aois dul chun cinn dearfach i réimsí áirithe i gcomparáid lena bpiaraí gan na riachtanais úd. Mar shampla, laghdaíodh an bearna idir an dá ghrúpa sna réimsí folláine agus léamh/réasúnaíocht ó bhéal, dá bhrí sin bhí níos mó dul chun cinn déanta ag scoláirí ag a raibh riachtanais oideachais speisialta ná ag a bpiaraí idir 9 agus 13 bliana d'aois. Is fíor, áfach, go raibh scór suntasach níos ísle acu i gcomparáid lena bpiaraí gan na riachtanais úd. Anuas air sin, bhí taithí ar bhulaíocht ag a dhá oiread scoláirí in aois 13 bliana déag ag a raibh riachtanais oideachais speisialta is a bhí acu siúd gan na riachtanais, ná ní dheachaigh siad i dtaithí ar an meánscoil chomh maith leis na daoine gan riachtanais oideachais speisialta ach oiread.

Sa tuairisc seo tá léargas tábhachtach sonraithe ar thaithí scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta ag am suntasach trasnaithe ina saol oideachais.

### Sraith Taighde Foilsithe mar chuid den Athbhreithniú Cuimsitheach ar an Scéim Cúntóir Riachtanais Speisialta

I 2018 d'fhoilsíomar trí phíosa taighde chun tacú le comhairle polasaí a fhorbairt ar an Scéim Cúntóir Riachtanais Speisialta sa todhchaí.

### Athbhreithniú ar shaothar scríofa

Tharla athbhreithniú an-leathan ar shaothar scríofa a scrúdaigh finanaise foilsithe ar thionchar saghsanna eagsúla tacaíochta a bhain le gníomhaíochtaí lucht paraphroifisiúnta i gcomhthéacs an oideachais. Ar an iomlán, aithníodh nach mór 1,000 insintí is rinneadh athbhreithniú orthusan ó thaobh baint le hábhar de maidir leis an staidéar, roghnaíodh 73 díobh le scrúdú breise a dhéanamh orthu. Astusan, cuireadh 14 isteach san anailís ar deireadh, baineadh úsáid freisin as sé cinn d'ailt léirmheasa.

San athbhreithniú ar shaothar scríofa luadh fíricí tábhachtacha. Cé gur meadaíodh ar an dtaighde ar shaothar lucht paraphroifisiúnta le blianta beaga anuas, fós féin níl dóthain staidéar ardchaighdeáin ann lena rá go cinnte cén tionchar a bhionn acu. Ar na saothair ardchaighdeáin a bhí i gceist, scrúdaigh ceann amháin ról agus tionchar cúntóirí teagaisc (TA) i Sasana. Luadh dá mhéad an tacaíocht a fuair na scoláirí ó TA, dá laghad an dul chun cinn a bhí déanta acu i matamaitic, Béarla agus eolaíocht. Léirigh torthaí staidéir eile go raibh tionchar dearfach ag lucht paraphroifisiúnta ar thorthaí scoláirí dá mbíodh oiliúint speisialta acu chun eadrána áirithe a úsáid, agus go mbíodh tionchar dearfach ar iompar neamhoiriúnach a laghdú maraon le plé sa seomra ranga a fheabhsú. Sna staidéir freisin luadh an leas a bhí le baint as tacaíocht piaraí i gcomparáid le tacaíoct lucht paraphroifisiúnta aisti féin.

### Athbhreithniú trastíre

Seoladh suirbhé chuig oifigigh i 56 riarachán ar fud an domhain chun eolas a fháil ar thacaíocht do scoláirí ag a mbíonn riachtanais bhreise chúraim trí bhaill foirne aosaigh nach múinteoirí iad a fhostú. Fuarthas freagraí ó 32 riarachán.

Léirigh na freagraí go ndearna gach riarachán iarracht ar thacú le scoláirí faoi mhíchumas ag a raibh riachtanais bhreise chúraim trí thacaíocht bhreise, ar an mórgóir tacaíocht ó lucht paraphroifisiúnta a bhíodh i gceist. Braitheann an tacaíocht úd ar riachtanais na scoláirí, idir chúraim, corpartha, iompair nó oideachais. Ar an mórgóir freisin tharlaíodh measúnú fáithmheas aonair i dtromlach na riarachán.

Níor ghá ardcháilíochtaí chun post a fháil mar pharaphroifisiúnta, ní mór an cuntas a bhí ar oiliúint fhoirmiúil. I bhformhór na riarachán, ní raibh deis ag na daoine sa ról seo dul ar aghaidh chun gairm beatha a bhaint amach san obair úd. Léiríodh freisin sna freagraí gur bheag an iarracht a bhí déanta na scoláirí úd a leanúint go foirmiúil is iad réidh leis an scoil, má tharla a leithéid ar chor ar bith.

### Staidéar ar dhaoine óga faoi mhíchumas a bheith ullamh don saol mór is iad réidh leis an scoil

Rinneadh comhchoimisiúnú ar an dtaighde seo leis an Údarás Náisiúnta Míchumais. Scrúdaíodh tuairimí réimse leathan páirtithe leasmhara ar an scéim SNA ag tacú le scoláirí faoi mhíchumas go háirithe maidir le hullmhúchán don saol mór tar éis saol na scoile. Mar chuid den dtaighde labhair an meitheal taighde le 35 duine óg a chríochnaigh an timthriail shinsir san iarbhunoideachais le déanaí agus ag a raibh tacaíocht SNA fad is a bhí siad ar scoil. Páirteach sa staidéar freisin bhí roinnt tuismitheoirí, múinteoirí, príomh-oidí, SNA, fostaithe agus ionadaithe eagraíochtaí a sholáthraíonn oideachas agus oiliúint tar éis meánscolaíochta do dhaoine fásta faoi mhíchumas.

Go ginearálta, léiríodh sna torthaí gur chreid na foirne i dtimpeallachtaí iarscoile nach mbíodh na scoláirí ullamh don saol mór agus iad ag brath go ró-mhór ar thacaíocht SNA. Go háirithe b'in tuairim oibrithe agus fostaithe i seirbhísí lae do dhaoine fásta. Ní raibh an tuairim úd chomh comónta i measc tuismitheoirí agus foirne sna hearnála ardoideachais is breisoideachais, ach bhí sí ann. Níor chreid múinteoirí gurbh amhlaidh a bhí. Cé go raibh dearcadh dearfach ag scoláirí i leith tacaíocht na SNA is iad fós ar scoil, níor chreid siad go raibh baint ghníomhach acu len iad a ullmhú don saol iarscoile. Labhair tuismitheoirí ar bhonn dearfach faoi ról na SNA is iad ag tacú leis na scoláirí, ach bhí meascán tuairimí maidir leis an dtaithí úd mar ullmhúchán don saol mór.

Thuairiscigh na SNA gur thacaigh siad leis na daoine óga seachas go díreach féachaint i ndiaidh riachtanais chúraim; d'éascaigh siad an fhoghlaim agus chuir siad le scileanna beatha is sóisialta maraon le féinmhuinín a fhorbairt.

Críochnaíodh an chéad tuairisc ón mhórstaidéar domhanfhaid ar Oideachas Tosaigh ar Imeascadh do Mhúinteoirí ina bhfuil torthaí an-shuimiúla ar fad

## Taighde Coimisiúnaithe Leanúnach i 2018

### Oideachas Tosaigh um Imeascadh do Mhúinteoirí

Ar feadh 2018 leanadh de Chéimeanna 3 agus 4 dár staidéar domhanfhaid ar Oideachas Tosaigh um Imeascadh do Mhúinteoirí. Tharla suirbhéanna agus agallaimh le múinteoirí nuacháilithe (NQT) is iad fós faoi bhun dhá bhliain ag obair go proifisiúnta, cuireadh agallaimh ar roinnt príomh-oidí scoile freisin. Díríodh ar cé chomh réidh is a bhíonn na múinteoirí úd le bheith ag múineadh ar bhonn imeasctha agus iad in ann múineadh ar bhonn cuimsitheach chun tacú le riachtanais oideachais speisialta na scoláirí a bhíonn rompu sa seomra ranga.

Foilseofar an tuairisc dheiridh i 2019 agus luaitear roinnt torthaí suimiúla.

Ábhar amháin láidir sa taighde is ea an tábhacht a bhaineann leis an gcomhthéacs scoile maidir le taithí agus forbairt NQT agus cé chomh fada is a aithnítear iad mar mhúinteoirí imeasctha. Tháinig sé seo chun cinn ar bhealaí éagsúla, san áireamh bhí cur chuige na scoile maidir le múineadh imeasctha, meantóireacht do NQT, na bealaí a úsáidtear chun tacú le scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, maraon le deiseanna ar comhpháirtíocht i measc múinteoirí agus foghlaim phroifisiúnta.

Toradh eile ab ea gur bhraith formhór na NQT sa chéad bhliain dóibh go raibh tionchar ag an gclár ITE acu ar thorthaí acadúla na scoláirí. Bhí taithí ag a bhformhór ar scoláirí ag a raibh riachtanais oideachais speisialta sna scoileanna. Léirigh torthaí suirbhé ón dara bliain múinteoireachta gur mhinic a neartaigh NQT a dtiomantas chun tuiscint níos miondifriúla a fhorbairt ar mhúineadh imeasctha agus go raibh breis muinín acu as a gcleachtadh. É sin in ainneoin an suaitheadh réalaíoch a bhain le himecht ó ábhar múinteora go dtí NQT.

### Athbhreithniú ar Sholáthar Oideachais i Seirbhísí Lae d'Aosaigh

Díríonn an taighde ar sholáthar oideachais agus foghlaim ar feadh an tsaoil i seirbhísí lae d'aosaigh á soláthar agus/nó á maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirhbíse Sláinte (HSE). Tá codanna difriúla sa staidéar, san áireamh tá: athbhreithniú ar threoracha polasaí is cleachtas um sholáthar oideachais ina leithéid de sheirbhísí ar bhonn idirnáisiúnta; suirbhé ar sholáthróirí seirbhísí lae d'aosaigh in Éirinn maidir lena ngníomhaíochtaí; agallaimh le páirtithe leasmhara tábhachtacha ar fud na hearnála; agus saothar doimmhin doimhin ardchaighdeáin i 25 suíomh ar fud na hÉireann. Baineann an saothar doimhin úd le labhairt le daoine fásta atá faoi mhíchumas faoina dtaithí oideachais sna seirbhísí úd, pléitear freisin le foirne na seirbhísí agus tuismitheoirí. Díríonn an staidéar ar chuntas a choimeád ar thorthaí foghlama do dhaoine fásta a fhreastalaíonn ar sheirbhísí lae, ar son ceachtanna a aithint don soláthar sa todhchaí. Críochnófar an staidéar go deireanach i 2019 agus táthar ag súil le tuairisc a fhoilsiú go luath i 2020.

## Taighde nua

Mar chuid de bhainistiú ag an NCSE ar an dTionscadal Taispeántais um Thacaíocht Teiripe laistigh den Scoil agus sa Réamhscoil, sa bhFómhar 2018 coimisiúnaíodh measúnú cuimsitheach ar an dtionscadal. Scrúdófar an fhorbairt, cur i bhfeidhm agus torthaí don scoilbhliain 2018-19, iarrfar ar cheachtanna a aithint agus smaoineofar ar sholáthar céimneach don dtionscadal. Beidh deireadh leis an staidéar go deireanach i 2019 agus táthar ag súil le tuairisc a fhoilsiú go luath i 2020.

## Comhdháil Taighde 2018

Tharla comhdháil bhliantúil taighde an NCSE ar 20 Samhain in Ionad Comhdhála Páirc an Chrócaigh. Tháinig breis is 200 toscaire idir mhúinteoirí, aosaigh faoi mhíchumas, tuismitheoirí, taighdeoirí, príomh-oidí, lucht acadúil, toscairí ó ghrúpaí abhchóideachta míchumais, siceolaithe, oifigigh rialtais agus áisínteachtaí maraon le hionadaithe ceardchumainn.

Sna seisiúin ar maidin díríodh ar théama an trasnú ón scoil go foghlaim ar feadh an tsaoil d'aosaigh faoi mhíchumas. Léirigh Sheila Riddell, Ollscoil Dún Éideann, taighde ar scoláirí in Albain a thrasnaigh go réimse socrúchán éagsúla tar éis na scolaíochta. Dhírigh sí ar an ngá atá le aghaidh a thabhairt ar dhúshláin áirithe a thagann chun cinn fad is a athraíonn leanaí isteach ina ndaoine fásta, agas an tábhacht a bhíonn le pleanáil do thrasnaithe ar feadh saol an duine, ní hamháin ag geata na scoile. Ina dhiaidh sin thug Michael Shevlin ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath léargas ar an staidéar coimisiúnaithe ag an NCSE maidir le hathbhreithniú ar sholáthar oideachais sna seirbhísí lae d'aosaigh is an dul chun cinn go dtí seo.

Críochnaíodh seisiún na maidine le díospóireacht an-eolasach ar an ábhar. Ar an bpainéal bhí beirt aosach faoi mhíchumas a d'fhág an scoil le déanaí agus a chuaigh ar aghaidh go seirbhísí do dhaoine fásta, ionadaí ó sheirbhísí míchumais an FSS agus roinnt ionadaithe soláthróirí.

San iarnóin scrúdaíodh an tacaíocht teiripe laistigh den scoil dóibh siúd ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Ar dtús labhair Eve Hutton, Ollscoil Canterbury (RA) faoi na cláir teiripe laistigh den scoil a fheidhmiú, dhírigh sí go príomha ar theiripe ceirde. Ar deireadh scrúdaigh Elspeth McCartney, Ollscoil Stirling, an bonn fianaise atá ann do sheirbhísí urlabhra agus teanga a sholáthar sna scoileanna.




Ag Comhdháil Taighde an NCSE 2018 bhí: Teresa Griffin, Príomhfheidhmeannach, NCSE; Elspeth McCartney, Ollscoil Stirling; Eamon Stack, Cathaoirleach, NCSE 2013-18; Sheelagh Drudy, Leas-Chathaoirleach, NCSE 2016-18; Eve Hutton, Ollscoil Canterbury Christchurch (RA); Finian O'Shea, Comhairle NCSE; Sheila Riddell, Ollscoil Dún Éideann; agus Dalton Tattan, Rúnaí Cúnta, An Roinn Oideachais agus Scileanna.

# Sprioc Straitéiseach 3

## Comhairle Polasaí agus cleachtais a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna a bheidh neamhspleách, sainniúil agus bunaithe ar fhianaise

# Sprioc Straitéiseach 3

**Comhairle Polasaí agus cleachtais a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna a bheidh neamhspleách, sainniúil agus bunaithe ar fhianaise**

## Ról an NCSE

Ról lárnach ag an NCSE is ea comhairle polasaí agus cleachtais a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna a bheidh neamhspleách, sainniúil agus bunaithe ar fhianaise maidir le hoideachas do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.

D'fhoilsigh an NCSE athbhreithniú ollmhór ar an scéim SNA

## Foilsiú an Athbhreithnithe Chuimsithigh ar an Scéim Cúntóirí Riachtanais Speisialta

D'fhoilsigh NCSE athbhreithniú cuimsitheach ar an scéim SNA mí Bealtaine 2018. Bhí sé mar aidhm an freastal cóir ar riachtanais bhreise chúraim na scoláirí a aithint chomh maith leis na saghsanna tacaíochta is fearr a chothódh torthaí feabhsaithe do na scoláirí.

Mar chuid den athbhreithniú rinne an NCSE an méid seo a leanas:

- Ocht gcinn de théamaí taighde agus cleachtais chun eolas a bhailiú;
- Buaileadh le 37 grúpa páirtithe leasmhara;
- Athbhreithniú ar 330 freagra ar ár gcomhairliúchán poiblí;
- Tugadh cuairt ar dheich scoil lárshrutha, rang speisialta agus scoil speisialta;
- Bunaíodh meitheal amháin NCSE agus cuireadh a bplé agus tuairisc siúd isteach sa phróiseas athbhreithnithe

Fuarthas amach gur éirigh go han-mhaith leis an scéim SNA agus go bhfuil gnéithe atá dearfach is fiúntach. Chabhraigh an scéim go mór le 20 bliain anuas leis na mílte scoláirí a raibh riachtanais chúraim bhreise uathu chun dul ar scoil.

Ina theannta san fuarthas bearnaí sna seirbhísí agus cuireadh comhairle ar an Aire go raibh gá le tacaíochtaí a fheabhsú do scoláirí ag a mbíonn riachtanais bhreise chúraim. Moladh Samhail nua Imeascadh Scoile chun na tacaíochtaí cuí a sholáthar in am tráth. Sa tsamhail nua bheadh:

- 230 saineolaí i ndeich meitheal NCSE chun cur le héifeacht scoile;
- Clár náisiúnta oiliúna trí mhaoiniú stáit do na cúntóirí um thacaíocht imeasctha (ainm nua molta ar na SNA);
- Teacht ag scoláirí ar thacaíocht gan aon ghá le fáithmheas;
- Seirbhísí teiripe laistigh den scoil;
- Treoir do scoileanna maidir le riachtanais chasta idir mhíochaine agus iompar a bhainistiú.

D'fháiltigh Richard Bruton T.D., a bhí mar Aire Oideachais agus Scileanna lena linn sin leis an dtuairisc NCSE agus dúirt go dtosnódh an Roinn ar bhearta chun na moltaí san athbhreithniú a chur i bhfeidhm. Luaigh sé freisin go raibh sé chun plé go dlúth le hionadaithe idir thuismitheoirí agus lucht míchumais, maraon le páirtithe leasmhara oideachais, ag gach aon chéim den tsamhail nua is í á forbairt.

Le linn 2018, lean an NCSE de shaothrú leis an ROS maidir le himpleachtaí na comhairle polasaí úd agus plean don chur i gcrích a fhorbairt.

Anuas ar an dtuairisc athbhreithnithe, d'fhoilsigh an NCSE na doiciméid ghaolmhara seo a leanas, táid ar fad ar fáil ar an suíomh idirlín seo againne ag: https://ncse.ie/policy-advice

- Treoir do thuismitheoirí agus scoláirí ar an Athbhreithniú Cuimsitheach;
- Tuairisc ar dhul chun cinn seolta chuig an Aire i 2017;
- Grafaic faisnéise a mhíníonn próiseas agus torthaí an athbhreithnithe;
- Tuairisc ón mheitheal a bunaíodh chun samhail nua tacaíochta a fhorbairt.

## NCSE Páirteach i Meitheal ar Sholáthar Altranais

Bhí an NCSE páirteach i meitheal faoi stiúir an ROS chun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar altranais do leanaí ag a bhfuil riachtanais mhíochaine chasta, iad siúd i scoileanna speisialta san áireamh. Sa mheitheal trasearnála úd bhí baill ón Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Sláinte, Leanaí agus Gnóthaí Óige, NCSE agus HSE maraon le cliniceoir oilte.

Tá tuairisc na meithle úd ar fáil freisin ar shuíomh idirlín an NCSE ag:
https://ncse.ie/wp-content/uploads/2018/05/Final-Report-CST-Nursing-supports.pdf

## Ar iarratas ón Aire tugann NCSE Comhairle um Sholáthar Oideachais do Ranganna agus Scoileanna Speisialta

I 2018 d'iarr an tAire ar an NCSE comhairle polasaí a forbairt um sholáthar oideachais do ranganna agus scoileanna speisialta. Tá na téarmaí cuí tagartha ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE.

Le linn 2018 phléigh an NCSE ar dtús le páirtithe leasmhara oideachais, tuismitheoirí agus grúpaí abhcóideachta. Chuireamar romhainn bonn láidir fianaise a chruthú faoin gcomhairle úd. Leanfar den obair i 2019. Táthar ag súil leis an gcomhairle polasaí a sheoladh chuig an Aire faoi dheireadh Mheithimh 2020.

## Saothar Idirnáisiúnta

### Baill foirne NCSE ar cuairt i New Brunswick, Ceanada, chun staidéar a dhéanamh ar a gCóras Oideachas Imeasctha

Tamall de bhlianta ó shin bheartaigh cúige New Brunswick i gCeanada go mbeadh gach scoláire i dteannta piaraí i ranganna lárshrutha, san áireamh iad siúd a bhí faoi mhíchumas domhain. Mar chuid den gcomhairle polasaí um ranganna agus scoileanna speisialta a fhorbairt, thug an CEO agus an Ceannaire Oideachais Speisialta cuairt ar New Brunswick chun an córas oideachas imeasctha ansiúd a scrúdú. Chabhraigh an tUas. Jody Carr, Iar-Aire Oideachais i New Brunswick leis an gcuairt staidéir a eagrú.



Ó chlé, Jody Carr (Comhpháirtí Oideachas Imeasctha Ceanada), Teresa Griffin (Príomhfheidhmeannach, NCSE), Mary Byrne (Ceannaire Oideachais Speisialta, NCSE), Dominic Cardy (Aire Oideachais, New Brunswick, Ceanada).




Teresa Griffin, Príomhfheidhmeannach, NCSE, agus Mary Byrne, Ceanaire Oideachais Speisialta, NCSE, ag ple le foireann scoile le linn a dturas staidéir go New Brunswick, Ceanada.

Thug an NCSE cuairt ar cúig scoil fad is a bhí siad i gCeanada; ardscoil amháin, dhá mheánscoil agus dhá bhunscoil. Lean gach aon chuairt an patrún céanna. D'fháiltigh an príomh-oide roimh an dtoscaireacht is stiúraigh an chuairt agus na comhráití. Ansin thugaidís turas na scoile agus pléadh le scoláirí agus foireann araon.

Anuas air sin, bhí cruinnithe le grúpa abhchóideachta teaghlaigh, oifigigh ceantair agus riarthóir scoile ar scor.

Mar chuid den saothar comhairle polasaí um scoileanna agus ranganna speisialta, féadfaidh an NCSE iarracht a dhéanamh ar phlé arís le páirtithe leasmhara i ndlínsí eile chun cleachtas idirnáisiúnta a athbhreithniú.

Bhain an NCSE leas as dlúthnaisc leis an Áisínteacht Eorpach mar bhonn faoina saothar taighde agus comhairle polasaí

## An Áisínteacht Eorpach um Riachtanais agus Oideachas Speisialta

I mbliana, lean an NCSE de thacú le saothar an Áisínteacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Imeasctha (EASNIE). Eagraíocht neamhspleách is ea EASNIE a ghníomhaíonn mar ardán don chomhoibriú idir na ballstáit, iad ag saothrú i dtreo córais oideachais níos fearr ó thaobh imeasctha de. Dírítear go príomha ar bhonn fianaise a thógáil trí thaighde, comhoibriú agus eolas a bhailiú i measc na mballstát.

Le linn 2018, bhain an NCSE leas as ballraíocht EASNIE trí:

- Plé le comhordaitheoiri náisiúnta sa chéim luath dár dtaighde chun tacú lenár gcomhairle polasaí um scoileanna agus ranganna speisialta a fhorbairt;
- Leanadh de phróifíl múinteoirí imeasctha EASNIE a úsáid mar bhonn faoinár dtaighde féin ar oideachas múinteoirí i dtreo imeasctha – i gcomhthéacs na hÉireann;
- Eolas a scaipeadh ar na ballstáit ar na céad torthaí ónár dtaighde ar Oideachas Tosaigh um Imeascadh do Mhúinteoirí;
- Leanadh den eolas ar oideachas speisialta agus imeasctha a scaipeadh chun pictiúr den soláthar ar fud na mballstát a chruthú.

# Sprioc Straitéiseach 4

## Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle deachleachtais san oideachas agus oiliúint do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a chur ar fáil

# Sprioc Straitéiseach 4

**Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle deachleachtais san oideachas agus oiliúint do dhaoine fásta ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a chur ar fáil**

## Réamhrá

Tá ról ag an NCSE faoin Acht EPSEN trína ndéantar athbhreithniú go ginearálta ar an soláthar do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas maidir le teacht ar bhreisoideachas, ardoideachas agus soláthar oiliúna tar éis dóibh an scoil a fhágáil.

Foilsíodh trí bhileog nua ar oideachas tar éis scoile agus roghanna oiliúna

## Tugann NCSE Comhairle agus Eolas um Oideachas agus Oiliúint don Ógra Fásta ag a bhfuil Riachtanais oideachais Speisialta agus dá dTuismitheoirí/ Caomhnóirí

Ar na gníomhaíochtaí a tharla i rith na bliana tá:

- Taighde coimisiúnaithe chun soláthar oideachais a athbhreithniú d'aosaigh atá í seirbhísí lae d'aosaigh.
- Comhpáirtíocht in athbhreithniú an ROS ar ghairmthreoir sna scoileanna, seoladh aighneacht fhoirmiúil agus pléadh le páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán.
- Foilsíodh agus scaipeadh trí bhileog eolais ar oideachas iar-scoile agus roghanna oiliúna do lucht míchumais. Tá na bileoga ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE agus cuimsítear eolas ar:
    - Breisoideachas agus oiliúint;
    - Ardoideachais;
    - Oiliúint athshlánaithe agus seirbhísí cúram lae d'aosaigh.
- Cuirfear tús le hathbhreithniú ar impleachtaí Cuid 2 den Acht Míchumais 2005 ag tagairt do chodanna an Achta a bhainfidh le daoine fásta in aois 18 mbliana i 2020.

# Sprioc Straitéiseach 5

Eagraiocht éifeachtach a choimeád a chloíonn le riachtanais idir dhlíthiúil agus corparáideach maraon le straitéistí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú do thuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal mór

# Sprioc Straitéiseach 5

**Eagraiocht éifeachtach a choimeád a chloíonn le riachtanais idir dhlíthiúil agus corparáideach maraon le straitéistí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú do thuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal mór**

I 2018 lean an NCSE den eagraíocht seo againne a choimeád lena chinntiú go mbímid ag oibriu ar bhonn éifeachtach agus de réir ár ndualgais idir reachtuil, rialachais agus rialála. Ról lárnach atá ag an NCSE is ea eolas a sholáthar do thuismitheoirí, scoileanna agus ár bpáirtithe leasmhara ar fad maidir le gach a bhaineann le hoideachas speisialta. Ar feadh na bliana, leanamar den phlé le páirtithe leasmhara ar bhealaí eagsúla, trín bhfoireann, ár suíomh idirlín agus na meáin shóisialta.

## Forbairt Bhreise ar Struchtúr Eatramhach Bainistíochta an NCSE

Lean an NCSE i 2018 d'fhoireann agus tacaíochtaí na seirbhísí oideachais speisialta a thrasnaigh chugainn mí Márta 2017 a bhreith isteach go hiomlán.[6] Lárnach sa tsaothar úd bhí deich meitheal a bhunú thar cúig réigiún a chlúdiagh an tír ar fad. I ngach meitheal anois tá saintaithí na SENO, múinteoirí cuairte agus comhairleoirí chun feagairt do riachtanais scoláirí, scoileanna agus teaghlaigh i dtreo torthaí scoláirí a fheabhsú. Tá tacaíocht ag an bhfoireann úd ó cheannairí eatramhach meithil agus tá bainisteoir eatramhach freagrach as gach réigiún ar leith.

Bhain an saothar freisin le rannóg polasaí is cleachtais a bhunú san eagraíocht. Cé go ndíríonn an rannóg go príomha ar fhócas láidir fadtéarmach ar chomhairle polasaí a fhorbairt, táthar anois freagrach freisin as cleachtais a fhorbairt ar fud na heagraíochta, ceapadh speisialtóirí ceannaireachta chun tacú leis an obair úd. Sa cheannáras, leanadh de na gníomhaíochtaí a bhíodh ag na rannóga TE agus airgeadais a bhreith isteach.

Ní chuirtear aon athrú suntasach ar eagraíocht ar bith gan dúshláin ag baint leis. Don NCSE bhain na dúshláin le heagraíochtaí ag a raibh a gcultúr agus cleachtais oibre féin agus san am gcéanna bhí orainn soláthar seirbhísí ar ardchaighdeáin a choimeád do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, dá muintir agus do na scoileanna.

6 An tSeirbhís Tacaíochta um Oideachais Speisialta (SESS), An tSeirbhís Náisiunta um Thacaíocht Iompair (NBSS) agus an tSeirbhís Múinteoir Cuairte mar a bhíodh.

## Eolas do Thuismitheoirí

Gach bliain, soláthraíonn ár n-eagraithe riachtanais oideachais speisialta (SENO) an clár NCSE um eolas do thuismitheoirí. Díríonn an clár ar eolas a chur ar thuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí ag dul ar scoil don chéad uair maidir le seirbhísí oideachais agus tacaíochtaí atá ar fáil ina gceantar féin. Freagraíonn na SENO aon cheisteanna a bhíonn ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus scaipeann siad an réimse leathan bileog agus leabhrán eolais NCSE a bhíonn ar fáil.

In 2018, reachtáil na SENO 30 seisiún eolais do nach mór 600 tuismitheoir. Bhí dearcadh dearfach ag na tuismitheoirí i leith an aiseolas a seoladh chuig na SENO ar na seisiúin agus na hábhair a cuireadh ar fáil.

## NCSE ar Twitter

Leanamar dár gcuntas Twitter @ncseirl a úsáid i 2018 mar bholscaireacht dár gcuid nuachta, ócáidí agus foilseachán, anuas ar iadsan a fhoilsiú ar ár suíomh isirlín. Bhailíomar bhreis is 380 lucht leanúna ar Twitter i 2018, agus eisíodh 13 tweet ar ghnéithe difriúla dár gcuid oibre.

## Cairt Chustaiméara

Mar eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí, tá dualgas ar an NCSE cairt chustaiméara agus plean gnímh custaiméara a fhorbairt do thréimhse trí bliana de réir treoracha foilsithe ag An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chuige sin, tharla próiseas comhairliúcháin lenár gcustaiméirí go deireanach i 2017 agus i 2018 chun ár gcairt nua a fhorbairt. Cheadaigh an Chomhairle an chairt nua go deireanach i 2018 agus foilseofar í ar ár suíomh idirlín go luath i 2019.

## Cosaint Sonraí

Chun géilleadh don Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), d'fhoilsigh an NCSE Ráiteas iomlán um Chosaint Sonraí ar ár suíomh idirlín ag http://www.ncse.ie/ncse-data-protection. Sa ráiteas úd leagtar amach modhanna NCSE chun sonraí pearsanta a bailiú, an leas a bhaintear astu agus an bhaint a bheidh ag daoine aonair linn maidir leis na sonraí úd.

I 2018 leanamar de bheith ag cur le feasacht ar ghéilliúlacht do chosaint sonrai agus í a fheabhsú. Tharla seimineáir oiliúna don bhfoireann iomlán NCSE maidir leis an GDPR. Chomh maith leis sin rinneamar próiseáil ar roinnt Iarratas ar Rochtain Sonraí de réir na rialachán.

## Fóram Comhairliúcháin

Bhunaigh an Chomhairle an Fóram Comhairlitheach faoin Acht EPSEN chun plé leis an NCSE maidir le hábhair oideachais speisialta. Ceapann an Chomhairle suas le 17 mball tar éis próiseas comhairliúcháin. Ina theannta san ceapann an tAire triúr ball. Ceapadh na Baill ó Nollaig 2016 agus chríochnaigh a dtréimhse deireadh mí na Nollag 2018.

Bhí dhá chruinniú ag an bhfóram i 2018. Ag an gcruinniú mí Aibreáin pléadh impleachtaí an Acht Míchumais 2005 don NCSE, cleachtas nuálach sa bhforbairt phroifisiúnta leanúnach do mhúinteoirí agus príomh-oidí maraon le ról na ranganna speisialta agus scoileanna speisialta in Éirinn. Ag an gcruinniú mí Dheireadh Fómhair bhí breis plé ar ról ranganna agus scoileanna speisialta in Éirinn, impleachtaí an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018 don NCSE agus tuairimí páirtithe leasmhara ar fhéidearthacht suíomh nua idirlín don NCSE.

Ag seo thíos ballraíocht agus tinreamh na gcruinnithe i 2018.

| Fóram Comhairlitheach NCSE | | |
|---|---|---|
| **Ceaptha ag an gComhairle** | | **Tinreamh** |
| Fidelma Brady | Siondróm Down Éireann | 1 |
| Michael Byrne | An Mheitheal Náisiúnta Leanaí agus Teaghlaigh um Mhíchumas, An Rannóg Cúraim Shóisialta | 1 |
| Breda Corr | Ard-Rúnaí, Cumann Náisiúnta Bord Bainistíochta Oideachais Speisialta | 2 |
| Noelle Connolly | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 2 |
| Padraig Flanagan | Príomh-Oide iarbhunscoile | 2 |
| Margaret Flood | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 1 |
| Marie Therese Kilmartin | Príomh-Oide, Coláiste Bríde | 1 |
| Gerard Gallagher | Comhairleoir Míchumais, ONÉ, Maigh Nuad | 0 |
| Adam Harris | Príomhfheidhmeannach AsIAm | 0 |
| Julie Helen | Oibrí tionscnamh abhcóideachta, Cuimsiú Éireann | 2 |
| Ann Higgins | Príomh-Oide scoil speisialta | 1 |
| Siobhan Long | Seirbhísí Míchumais Cumas Éireann | 2 |
| Matt Melvin | Príomh-oide bunscoile | 1 |
| Teresa McDonnell | Cathaoirleach ar eagraíocht do thuismitheoirí leanaí atá bodhar nó ar a bhfuil moill éisteachta | 1 |
| Deirbhile Nic Craith | Leas-Rúnaí Ginearálta, Cumann Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann | 2 |
| Carmel O'Shea | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí | 1 |
| Donie O'Shea | Comhairleoir Sinsir Polasaí, Údarás Náisiúnta Míchumais | 2 |
| **Ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna** | | **Tinreamh** |
| Michael Cullinane | Stiúrthóir Réigiúnach, Seirbhís Náisiúnta Síceolaíoch Oideachais | 2 |
| Eamon Clavin | Cigire Rannóige, An Roinn Oideachais & Scileanna | 2 |
| Catriona Hanevy | Leas-Phríomhoifigeach, An Roinn Oideachais & Scileanna | 2 |

## Rialú

# Rialú

## Bainistíocht Fheidhmíochta

Clúdaíonn Ráiteas Straitéise an NCSE an tréimhse 2017-21. Forbraíodh plean bliantúil oibre don bhliain 2018 bunaithe ar an straitéis. Cheadaigh an Chomhairle é sin Nollaig 2017 agus tharla athbhreithniú air in aghaidh ráithe, maraon le rioscaí gaolmhara. Anuas air sin tharla an t-athbhreithniú iomlán bliantúil riosca agus ár gclár riosca 2017. D'aontaigh an chomhairle clár uasdátaithe riosca do 2018 ar mholadh ón gCoiste Iniúchta agus Riosca.

## Cuntais Bhliantúla

Cuireadh cuntais bhliantúla 2018 faoi bhráid an Aire mí an Mheithimh 2019. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais bhliantúla an NCSE agus seoltar chuig an Aire iad tar eis iniúchta. Cuirtear faoi bhráid an Oireachtais ansin iad agus foilsítear iad ar shuíomh idirlin an NCSE. Cuirtear i láthair agus foilsítear na cuntais bhliantúla ar leith ón dtuarascáil seo.

## Deimhniú ar Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit

Ghlac an NCSE leis an gCód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mí Lúnasa 2016. Caithfidh gach áisínteacht géilleadh do riachtanais iomlán an chóid. In Aguisín 1 tá sonraí maidir le géilliúlacht an NCSE don chód.

## An tAcht um Rialú Stocaireachta, 2015

Oifigeach ainmnithe poiblí faoin Acht seo is ea Priomhfheidhmeannach an NCSE.

Faoin Acht um Rialú Stocaireachta caithfear eolas a fhoilsiú maidir le haon ghrúpa oibre a oibríonn faoin gcód trédhearcachta. Mar chuid den Athbhreithniú Cuimsitheach ar an Scéim um Chúntóirí Riachtanais Speisialta, bhunaigh an NCSE meitheal a chabhraigh leis na roghanna ab fhearr tacaíochta a aithint is a fhorbairt. De réir an Achta, foilsíodh sonraí ballraíochta, téarmaí tagartha agus miontuairiscí cruinnithe ar ár suíomh idirlín.

## Comhairle an NCSE




**Comhairle an NCSE 2016-18 agus an Príomhfheidhmeannach:** Ar chúl (ó chlé): Marion Meany, Áine Lynch, Anne Tansey, Johnny Murphy, Joe Hayes, Helen Guinan, Antoinette Nic Gearailt agus Teresa Griffin, Príomhfheidhmeannach.

Ar aghaidh (ó chlé): Tom O'Sullivan, Eithne Fitzgerald, Finian O'Shea, an cathaoirleach Eamon Stack, Sheelagh Drudy agus Don Mahon.

Is í Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an t-údarás rialála don NCSE. Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna an Chomhairle faoi Alt 21 den Acht EPSEN Act, 2004. Tháinig deireadh le téarma oifige na Comhairle ar an 31 Nollaig 2018.

Leagtar síos feidhmeanna na Comhairle in Alt 20 den Acht EPSEN. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna agus í freagrach as dea-rialú a chinntiú. Leagtar síos saothar agus freagrachtaí na Comhairle san Acht EPSEN agus san Treoir um Rialú Corparáideach do Bhaill na Comhairle ina leagtar síos go sonrach na hábhair atá forchoimeádta don Chomhairle. Tá míniú breise ar ghnó agus dualgais na Comhairle sna Téarmaí Tagartha agus Orduithe Seasta atá acu. Ar na míreanna seasta faoi bhráid na Comhairle tá:

- leas a admháil
- tuairiscí ó choistí
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta
- tuairisc ar fheidhmíocht
- ábhair fhorchoimeádta, agus
- athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann leis an NCSE

Ar an mórgóir pléann an Príomhfheidhmeannach le foireann, riarachán agus gnó na Comhairle a bhainistiú is a rialú mar a leagtar síos in Alt 24 den Acht EPSEN. Bíonn gnáthbhainistíocht, rialú agus treoir an NCSE in aghaidh an lae faoi chúram an Phríomhfheidhmeannaigh agus an meitheal bhainistíochta shinsearach mar a leagtar síos sa Raiteas Straitéise (2017-21) ceadaithe ag an gComhairle.

Tá an Chomhairle freagrach as plean bliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú don eagraíocht. Sna cuntais bhliantúla iniúchta NCSE a fhoilsítear ar leith, tugtar deimhniú go bhfuil cuntas cruinn fírinneach ar fheidhmiú agus staid airgeadais an NCSE i 2018 ar fáil sna ráitis airgeadais.

Mar a éilítear faoin gCód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar an bhfeidhmiú acu féin agus ag na coistí i rith na bliana. I 2018, rinne an Chomhairle coimisiúnú ar athbhreithniú neamhspleách ar an bhfeidhmíocht acu, beart a éilítear in aghaidh na dtrí bliana faoin gcód.

Bhí ocht gcruinniú ag an gComhairle le linn 2018. Sa tábla anso thíos tá sonraí na mball aonair agus a dtinreamh.

| Ballraíocht na Comhairle NCSE le linn 2018 | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Sonraí** | **Tinreamh** |
| Eamon Stack,* Cathaoirleach | Iar-Phríomhchigire sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 8 |
| Sheelagh Drudy,* Leas-Chathaoirleach | Ollamh Gradaim Oideachais is iar-Cheannaire Oideachais, Coláiste na hOllscoile, BÁC | 8 |
| Eithne Fitzgerald* | D'imigh ar scor ó Cheannaire Polasaí agus Taighde san Údarás Náisiúnta Míchumais | 7 |
| Helen Guinan* | Cathaoirleach an Údarás Náisiúnta Mí-chumais. Ar scor le déanaí ó Phríomh-Oide ar Scoil Speisialta Naomh Pól, Montenotte, Corcaigh | 7 |
| Joe Hayes | Iar-Ambasadóír na hÉireann sa tSín, sa Danmhairg agus san Íoslainn, Poblacht na Seice, an Úcráin agus go deireanach mar Ambasadóir i Singeapóir | 6 |
| Áine Lynch | POF Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí Bunscoile | 6 |
| Don Mahon | Iar-Phríomhchigire Cúnta sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 7 |
| Marion Meany | Stiúrthóir Cunta Náisiúnta FSS do Sheirbhísí Míchumais (laistigh den Roinn Cúraim Shóisialta) agus ball den Mheitheal Bainistíochta Cúraim Shóisialta | 5 |
| Johnny Murphy* | Cigire Rannáin, An Roinn Oideachais agus Scileanna | 8 |
| Antoinette Nic Gearailt | Uachtarán Scoileanna Pobail & Cuimsitheach (ACCS) | 7 |
| Finian O'Shea | Iar-Léachtóir i gColáiste Oideachais Eaglais na hÉireann mar ar phléigh sé leis an dioplóma iarchéime ar thacaíocht fhoghlama agus riachtanais oideachais speisialta | 7 |
| Tom O'Sullivan* | Iar-Leasrúnaí Cúnta Ginearálta, INTO. Iar-Phríomh-Oide Scoil Náisiúnta Naomh Seanáin, Luimneach | 7 |
| Anne Tansey | Stiúrthóir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíoch (NEPS), seirbhís síceolaíochta An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) | 7 |

Tá na baill a bhfuil* lena n-ainm ar an gComhairle don dara tearma as a cheile.

## Coistí na Comhairle

Bhunaigh an Chomhairle cúig cinn de choistí faoi Alt 33 den Acht EPSEN. Tuairiscíonn na Coistí don Chomhairle de réir a dtéarmaí tagartha agus treoracha rialaithe a leagadh síos. Tá na baill ar níos mó ná coiste amháin. Don Choiste Iniúchta agus Riosca, cheap an Chomhairle Cathaoirleach seachtrach ag a bhfuil an taithí cuí.

| Iniúchadh agus Riosca (sé chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| John Fitzgerald, Cathaoirleach | 6 |
| Sheelagh Drudy | 4 |
| Helen Guinan | 5 |
| Don Mahon | 5 |
| Eamon Stack | 5 |

| Feidhmíocht POF (dhá chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Eamon Stack, Cathaoirleach | 2 |
| Helen Guinan | 2 |
| Tom O'Sullivan | 2 |

| Airgeadas (seacht gcruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Don Mahon, Cathaoirleach | 6 |
| Joe Hayes | 6 |
| Marion Meany | 5 |
| Antoinette Nic Gearailt | 6 |

| Taighde (ceithre chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Sheelagh Drudy, Cathaoirleach | 4 |
| Johnny Murphy | 4 |
| Finian O'Shea | 3 |
| Anne Tansey | 4 |

| Straitéis agus Polasaí (cúig chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Helen Guinan, Cathaoirleach | 5 |
| Eithne Fitzgerald | 5 |
| Aine Lynch | 5 |
| Tom O'Sullivan | 5 |

# Aguisiní

# Aguisín 1

## Deimhnithe um Gheilliúlacht do Riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialú Chomhlachtaí Stáit 2016

### Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánach NCSE (SIC)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go n-oibrítear is go gcloítear le córas éifeachtach um rialú inmheánach de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Chomhlachtaí Stáit 2016 agus chun éifeacht na rialaithe inmheánach a athbhreithniú. San áireamh tá airgeadas, oibriú, géilliúlacht, cleachtais agus nósanna bainistiú riosca. Bhí córas rialú inmheánach i bhfeidhm san NCSE don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 de réir treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Deimhnítear an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeacht an Chóras Rialú Inmheánach NCSE i 2018 sna cuntais iniúchta a fhoilsítear ar leith.

### Sceideal Feidhmeanna Forchoimeádta agus Tiomnaithe

D'aontaigh an Chomhairle sceideal foirmiúil ábhar áirithe dá gcinneadh féin amháin chun treoir agus smacht acu ar an NCSE a chinntiú. D'aontaigh siad freisin sceideal tiomnaithe don bPríomhfheidhmeannach.

### Géilliúlacht Cánach agus Rialaithe

Ni raibh aon chumarsáid faoi neamh-ghéilliúlacht do riachtanais údaráis na cánach faoi ábhar ar bith. Níl NCSE ar an eolas faoi aon neamh-ghéilliúlacht do dhlíthe ná do rialacháin a tharla nó a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe is a chuirfeadh isteach ar ár ráitis airgeadais.

### Polasaí Taistil NCSE

Géilltear i ngach slí do pholasaí rialtais faoi thaisteal gnó. D'fhorbair agus cloíonn an NCSE le polasaí taistil de réir riachtanais an Rialtais.

### Polasaí Fála

San NCSE déantar de réir polasaí Rialtais um fhála poiblí agus cloítear le rialacha agus cleachtais an Chód Caiteachais Poiblí.

Baineann NCSE leas as seirbhísí i bpáirt agus conarthaí lárnacha tarraingthe, san áireamh bíonn siad siúd atá faoi Oifig Fála an Rialtais.

## Díol Sócmhainní

Maidir le sócmhainní a dhíol géilleann NCSE go hiomlán do na riachtanais a leagadh síos sa Chód Cleachtais.

## Nochtadh Cosanta

D'aontaigh an NCSE polasaí agus cleachtais chun plé le nochtadh cosanta de réir an Acht um Nochtadh Cosanta (2014). Níor ardaíodh aon cheist faoin gcleachtas úd i 2018.

## Cosaint Leanaí

D'fhorbair an NCSE cleachtais agus treoracha foirne um cheisteanna cosaint leanaí agus ábhair leasa mar chuid de na riachtanais nua a achtaíodh i 2017 faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Tá treoracha an NCSE ar fáil ar an suíomh idirlín seo againne ag www.ncse.ie. Pléadh aon cheisteanna a cuireadh in iúl dúinn le linn 2018 de réir na gcleachtas úd.

## Iniúchadh

Bhunaigh an NCSE feidhm inmheánach iniúchta agus d'aontaigh cairt inmheánach iniúchta. Cheap an Chomhairle Coiste Iniúchadh agus Riosca ag a bhfuil téarmaí aontaithe tagartha, san áireamh tá maoirsiú ar an bhfeidhm inmheánach iniúchta, bainistiú riosca agus athbhreithniú ar na dréachtchuntais bhliantúla.

## Tuairisciú ar Fheidhmiú Bliantúil Fuinnimh

I 2017, thug an NCSE tuairisc ar a bhfeidhmiú fuinnimh i 2016 d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar a éilítear faoi rialacháin AE. Leanann an NCSE de chuntas a choimeád ar an dul chun cinn i dtreo an sprioc do 2020 a mhínítear sa Phlean Náisiúnta um Fheidhmiú Fuinnimh 2014 a chuireann bonn faoin dtiomantas do laghdú 33 faoin gcéad sa bhfeidhmiú funnimh don earnáil phoiblí faoin mbliain 2020. Tá sonraí 2017 anso thíos is iad á gcur i gcomparáid leis na figiúirí do 2016 a tuairiscíodh cheana.

## Osradharc ar Úsáid Fuinnimh NCSE 2017 agus 2016

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| MWh leictreachais | 135 | 147.34 |
| MWh breosla iontais | 241 | 219.90 |
| MWh breosla inathnuaite | 0 | 0 |

# Aguisín 2

## Foireann NCSE

| Grád | Foireann i ndeireadh 2018 |
|---|---|
| **Seirbhís Phoiblí** | |
| Príomhfheidhmeannach | 1 |
| Príomh-Oifigeach | 4 |
| Bainisteoirí Réigiúnacha (Gníomhach) | 4 |
| Príomh-Oifigeach Cúnta | 6 |
| Innealtóir Grád 1 (Iar-Cheannaire Seirbhísí Áitiúla) | 1 |
| Bainisteoirí Meithil (eagraithe sinsireacha um riachtanais oideachais speisialta) | 8 |
| Eagraí um Riachtanais oideachais Speisialta (SENO) | 63 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 6 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 5 |
| Oifigeach Cléireachais | 3 |
| Oifigeach Sealadach Cléireachais | 3 |
| Fo-iomlán | **104** |

| Grád | Foireann i ndeireadh 2018 |
|---|---|
| **Foireann ar Iasacht nó ar Conradh** | |
| Stiúrthóir/Speisialtóir | 1 |
| Comhordaitheoir Náisiúnta | 1 |
| Leas-Stiúrthóir | 2 |
| Comhordaitheoir Cúnta Náisiúnta | 7 |
| Comhairleoir | 51 |
| Múinteoir Cuairte | 44 |
| Teiripí Urlabhra agus Teanga | 3 |
| Teiripí Ceirde | 2 |
| Comhpháirtithe | 5.3 |
| Éascaitheoir Áitiúil | 1 |
| Taighdeoir | 1 |
| Ionaid Oideachais – Corcaigh agus An Uaimh (foireann riaracháin) | 8.4 |
| Fo-Iomlán | **126.7** |
| **Iomlán** | **230.7** |

* Bhí triúr eagraí riachtanais speisialta (SENO) ar saoire gan tuarastal amhail 31 Nollaig, 2018.

* Múinteoirí is ea comhpháirtithe agus éascaitheoirí (ar a dtugtar ALFA) a fhostaítear le bheith i láthair múinteoirí a oibríonn ar bhonn páirtaimseartha le seirbhís tacaíochta NCSE. Is ionann an líon múinteoirí luaite agus a chomhionann laethanta oibre múinteora ag 40 comhpháirtí agus ochtar éascaitheoir áitiúla.

* An Tionscnamh Teiripe laistigh den Scoil: Faoi láthair tá roinnt ball foirne (san áireamh anso thuas) a dáileadh go sealadach ar an dTionscnamh Teiripe laistigh den Scoil. Sin comhordaitheoir amháin náisiúnta, HEO amháin (ar liúntas AP gníomhach) agus oifigeach amháin cléireachais (ar liúntas EO gníomhach).

Anuas air sin maoirsíonn an NCSE 34 ball breise foirne a earcaíodh trín FSS, ach curtha chuig an NCSE go ceann an tionscnaimh. Orthusan tá: 19 dteiripeach urlabhra agus teanga, 12 theiripeach ceirde, 1 bhainisteoir teiripe ceirde, 1 bhainisteoir teiripe urlabhra agus teanga agus 1 treoraí cliniciúil teiripe urlabhra agus teanga.

# Aguisín 3

## Eolas Staitistiúil do na Scoilbhlianta 2011-12 go 2017-18

Léirionn táblaí 1-3 patrún sonraí do na scoilbhlianta 2011-12 go 2017-18 maidir le gníomhaíocht NCSE um dháileadh acmhainní. Ag dul i méid atá an patrún ar an iomlán. Cúis amháin leis sin is ea an daonra scoláirí ag dul i méid ach mar is léir ó thábla 2 tá méadú níos tapúla i gceist maidir le scoláirí a fhaigheann tacaíochtaí breise. Mí Mheán Fómhair 2017 rug an Roinn Oideachais agus Scileanna modh nua isteach chun múinteoirí oideachais speisialta a dháileadh.

**Tábla 1: Acmhainní mar Phoist Oideachais Speisialta a dháil an NCSE ar Scoileanna**

| Saghas Poist | 11/12 | 12/13 | 13/14 | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SNA | 10,320 | 10,503 | 10,671 | 11,174 | 11,984 | 13,006 | 14,063 |
| Múinteoirí minicíocht íseal | 5,265 | 5,265 | 5,722 | 6,204 | 6,823 | 7,427 | N/A[7] |
| Múinteoirí Scoileanna Speisialta | 1056 | 1,078 | 1060 | 1135 | 1159 | 1,197 | 1,205 |
| Múinteoirí Ranganna Speisialta | 602 | 695 | 823 | 956 | 1,136 | 1,304 | 1,480 |

**Tábla 2: Líon Scoláirí a fhaigheann Tacaíocht trí Dháiltí NCSE**

| Scoláirí | 11/12 | 12/13 | 13/14 | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SNA lárshrutha | 12,150 | 13,268 | 13,907 | 15,101 | 16,874 | 18,513 | 19,571 |
| Uaireanta teagaisc ar mhinicíocht íseal | 29,426 | 32,480 | 35,763 | 38,414 | 42,931 | 47,065 | N/A[8] |
| Ranganna speisialta | 3,286 | 3,684 | 4,353 | 4,706 | 5,472 | 6,393 | 7,390 |
| Scoileanna speisialta | 6,848 | 7,077 | 7,299 | 7,459 | 7,607 | 7,739 | 7,954 |

7 Tháinig an tsamhail nua um dháileadh múinteoirí oideachais speisialta don scoilbhliain 2017-18 in ionad an próiseas iarratais ar uaireanta teagaisc ar mhinicíocht íseal.

8 Tháinig an tsamhail nua um dháileadh múinteoirí oideachais speisialta don scoilbhliain 2017-18 in ionad an phróiseas iarratais ar uaireanta teagaisc ar mhinicíocht íseal.

**Táble 3: Ranganna Speisialta de réir**

| Cineál Rang Speisialta | 11/12 | 12/13 | 13/14 | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ASD EI[9] | 34 | 49 | 72 | 96 | 118 | 127 | 130 |
| ASD | 296 | 364 | 439 | 531 | 647 | 762 | 917 |
| Urlabhra & Teanga | 64 | 64 | 64 | 63 | 63 | 65 | 65 |
| Éadrom GLD | 73 | 71 | 67 | 65 | 64 | 62 | 57 |
| Meánach GLD | 31 | 28 | 39 | 39 | 48 | 58 | 59 |
| Éisteacht | 15 | 16 | 16 | 15 | 17 | 16 | 16 |
| EBD/SEBD | 9 | 7 | 8 | 11 | 10 | 10 | 10 |
| Eile | 26 | 29 | 32 | 35 | 41 | 49 | 50 |
| Iomlán | 548 | 628 | 737 | 855 | 1,008 | 1,149 | 1,304 |

## Staitisticí don tsamhail SET

Tosaíodh ar an samhail nua um dháileadh múinteoirí oideachais speisialta sna scoileanna mí Mheán Fómhair 2017. Dáileadh 13,281 múinteoir i rith na bliana agus modh níos fearr agus cothrom atá anois ann chun acmhainní a dháileadh. Foilsíonn an NCSE liosta na scoileanna agus an dáileadh ar a suíomh idirlín.

Don scoilbhliain 2017-18, fuarthas 70 iarratas faoin bpróiseas athbhreithniú eisceachtúil sa tsamhail SET.[10] Seoladh 22 iarratas don athbhreithniú agus bronnadh dáileadh nua breise ar 17 díobh. Bhí roinnt scoileanna nár shroich na critéir don athbhreithniú eisceachtúil agus thug comhairleoir NCSE cuairt orthu. Tacaíonn comhairleoirí NCSE le scoileanna, féadfar cúnamh a thabhairt maidir le feidhmiú SET, tacaíocht laistigh den scoil maraon le FGL a fhorbairt is a sholáthar do mhúinteoirí.

Faoi dheireadh na bliana 2018, dáileadh 13,395.8[11] múinteoir. Don scoilbhliain 2018-19 fuarthas 56 iarratas ar athbhreithniú eisceachtúil suas go dtí an 31 Nollai 2018.

Fuair an NCSE 339[12] iarratas ó scoileanna ar thacaíocht laistigh den scoil ar an tsamhail um Dháileadh Teagasc Oideachais Speisialta i 2018. Ba iad comhairleoirí NCSE a riar na hiarratais úd.

9 Seasann EI don Luatheadrán.

10 Ciorcláin ROS 0013/2017 & 0014/2017.

11 9,226 post ag leibhéal bunscoile agus 4,129.8 post at leibhéal iarbhunscoile.

12 Bhain 258 iarratas le bunscoil, 81 le hiarbhunscoil.

## Staitisticí Múinteoirí Cuairte

Bíonn gach múinteoir cuairte freagrach as réigiún áirithe agus tugtar ualach cásanna dóibh. Baineann a gcuid oibre le hiliomad cuairt idir scoil is baile, anuas air sin bíonn cuairteanna ar chlinicí agus buaileann siad le lucht proifisiúnta, teiripigh urlabhra agus teanga agus oibrithe sóisialta san áireamh.

Tacaíonn siad le thart ar 4,900 leanbh scoile agus 775 leanbh an-óg/réamhscoile, clúdaítear suas le 2,550 scoil agus 355 réamhscoil.

# Aguisín 4

## Cur síos ar na Catagóirí Míchumais[13]

| Míchumais Ardmhinicíochta | |
|---|---|
| **Catagóir Míchumais** | **Cur síos** |
| Míchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta | Rinne síceolaí measunú ar an scoláire mar mhíchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór idir 70-79. |
| Míchumas éadrom foghlama ginearálta | Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire mar mhíchumas éadrom foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór idir 50-69. |
| Míchumas foghlama ar leith | Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire mar:<br>Meabhair chinn ar an meán nó níos airde.<br>Míchumas foghlama go pointe áirithe a bhaineann le scileanna sa léamh, scríobh nó mata a chuireann an scoláire sa dara réimse céatadán i dtrialacha oiriúnacha, caighdeánacha, normthagaratha. |

| Míchumais ar Mhinicíocht Íseal | |
|---|---|
| **Catagóir Míchumais** | **Cur síos** |
| Uathachas/Aicíd speictream uathachais (ASD) | Rinne síciatraí nó síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáithmheas mar uathachas nó aicíd speictream uathachais de réir critéir DSM-IV, DSM-V, nó ICD-10. |
| Suaitheadh mothúchán agus/nó fadhbanna iompair | Bíonn an scoláire faoi chúram síciatraí nó síceolaí ar son riocht mar néaróis, síceois linbh, forghníomhaíocht, aicíd easnamh aire, ADHD nó deacrachtaí iompair a chuireann isteach go mór ar chursaí sóisialta agus/nó foghlama ar scoil. |
| Moill Éisteachta | Tá moill éisteachta ar an scoláire atá dona go leor is nach féidir urlabhra an duine a chloisint ná a thuiscint, bíonn bac maidir le páirt iomlán a ghlacadh i gcúrsaí sa seomra ranga agus leas ceart a bhaint as an dteagasc. De ghnáth ceaptar cluaisín chúnta agus baintear leas as seirbhísí múinteoir cuairte. |

13 Ciorclán An Roinn Oideachais agus Scileanna SP ED 08/02.

| Míchumais ar Mhinicíocht Íseal | |
|---|---|
| **Catagóir Míchumais** | **Cur síos** |
| Míchumas meánach foghlama ginearálta | Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire mar mhíchumas meánach foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór idir 35-49. |
| Míchumais iolracha | Má dhéantar fáithmheas mar mhíchumais iolracha sroichtear na critéir faoi dhá cheann nó níos mó de na míchumais luaite ar mhinicíocht íseal. |
| Riachtanais oideachais speisialta de dheasca siondróm measta | Rinneadh fáithmheas mar shiondróm measta m.sh. siondróm Down, siondróm William's nó siondróm Tourette i dteannta aon cheann de na míchumais luaite ar mhinicíocht íseal. |
| Míchumas fisiciúil | Tá míchumas buan nó fadtéarmach ag an scoláire de dheasca riocht mar éagruth sa bhroinn, spina bifida, diospraicse, diostróipe mhatánach, pairilis ceirbreach, cnámh briosc nó gortú tar éis tromthimpiste. Toisc bac ar an bhfónamh fisiciúil, bíonn gá le breis tacaíocht is eadráin speisialta chun leibhéal agus caighdeán oideachais oiriúnach a sholáthar de réir riachtanais agus cumas an scoláire.<br><br>Is minic a bhíonn gá le cathaoir rotha, áis ghluaiseachta nó suite nó le taca éigin eile teicneolaíochta.<br><br>Bheadh easpa smacht is comhordú i gceist uaireanta nó deacrachtaí cumarsáide, go háirithe urlabhra, mar shampla i gcás diospraicse trom. |
| Míchumas trom nó fíor foghlama ginearálta | Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire mar mhíchumas trom nó fíor foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ bhí scór faoi bhun 35. Uaireanta bíonn míchumas fisiciúil leis. |
| Tromshuaitheadh mothúchán agus/nó iompair | Is iad critéir Tromshuaitheadh Mothúchán/Iompair (EBD) ná an scoláire a bheith faoi chúram síciatraí nó síceolaí cliniciúil mar gheall ar thromshuaitheadh cliniciúil. Níl ach líon an-bheag scoláirí a bheadh sa chatagóir úd. |
| Aicíd urlabhra agus teanga ar leith | Is iad seo na critéir chuí:<br>▸ Cumas feidhmíocht seachas ó bhéal atá lasitigh de réimse an mheáin nó os a chionn, sin scór IQ mar 90 nó os a chionn.<br>▸ Measúnú déanta ag teiripeach urlabhra agus teanga ar dhá cheann nó níos mó de thréigin chaighdeán (SD) faoi bhun an mheáin, nó ag leibhéal cothrom go ginearálta (-2 SD nó faoina bhun, nó faoi bhun scór caighdeánach 70) in ar a laghad príomhréimse amháin forbartha urlabhra agus teanga.<br><br>Ní mór dhá mheasúnú, síceolaíoch maraon le hurlabhra agus teanga. |

| Míchumais ar Mhinicíocht Íseal | |
|---|---|
| **Catagóir Míchumais** | **Cur síos** |
| Bac Radhairc | Tá bac radhairc ar an scoláire atá dona go leor is nach féidir éisteacht i gceart, bíonn bac maidir le hábhar súl mar phictiúirí, léaráidí agus téacs scríofa. Uaireanta bíonn aicíd mar dhaille sa bhroinn, feanna, ailbíneacht nó reitiníteas lítheach. De ghnáth bíonn gá le háiseanna radhairc agus baintear leas as seirbhísí múinteoir cuairte. |

# Aguisín 5

## Gluais na nAcrainmneacha a Úsáidtear

| | |
|---|---|
| ACCS | Cumann Scoileanna Pobail agus Cuimsitheach |
| ASD | Aicíd Speictream Uathachais |
| CPD | Forbairt Phroifisiúnta Leanúnach |
| DES | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| DSM | Diagnostic and statistical manual of mental disorders |
| EASNIE | Áisínteacht Eorpach um Imeascadh Riachtanais Speisialta |
| EBD | Suaitheadh mothúchán/aicíd iompair |
| EPSEN | An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004 |
| HSE | Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte |
| INTO | Cumann Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann |
| ITE | Oideachas do Mhúinteoirí ó Thosach |
| IQ | Comhrann intleachta |
| NBSS | An tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíocht Iompair |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta |
| NUI | Ollscoil na hÉireann |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta |
| SD | Tréigean caighdeáin |
| SENO | Eagraí riachtanais oideachais speisialta |
| SIC | Córas rialaithe inmheánach |
| SNA | Cúntóir riachtanais speisialta |
| UCD | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |

# Fisghrafaic Staitisticí

## Líon scoláirí ag a bhfuil tacaíocht SNA

| | Poist SNA | Sa lárshruth | I ranganna speisialta | I scoileanna speisialta |
|---|---|---|---|---|
| Deireadh na scoilbhliana 2017-18 | 14,063 | 19,571 | 7,390 | 7,954 |
| Deireadh na scoilbhliana 2016-17 | 13,006 | 18,513 | 6,393 | 7,739 |

D'oscail an NCSE

**174**

rang nua speisialta i **2017-18**

i gcomparáid le

**152**

rang nua speisialta i **2016-17**

Le linn na tréimhse úd dúnadh roinnt ranganna toisc nach raibh gá a thuilleadh leo.

| | 2017-18 | 2016-17 |
|---|---|---|
| Líon ranganna speisialta | 1,305 | 1,149 |
| Líon áiteanna i ranganna speisialta | 8,370 | 7,455 |

Líon iarratas a ndearnadh próiseas orthu i 2018 i gcomparáid le 2017

| | Scoil Bliain 2017-18 | Scoil Bliain 2016-17 |
|---|---|---|
| SNA | 8,781 | 9,553 |
| Iompar Scoile | 3,597 | 3,460 |
| Teicneolaíocht chúnta/ trealamh speisialtachta | 4,157 | 4,686 |
| IOMLÁN | 16,535 | 17,699 |

## Don bhliain féilire 2018

Thacaigh ár múinteoirí cuairte le **4,900** leanbh scoile agus **775** leanbh an-óg/ réamhscoile, clúdaíodh suas le **2,550** scoil agus **355** réamhscoil

Fuarthas **1,862** iarratas ó scoileanna ar thacaíocht laistigh den scoil[1]

Bhí **16,457** múinteoir páirteach i bhforbairt phroifisiúnta agus foghlaim ag seimineáir NCSE agus seimineáir don bhFoireann Iomlán

Soláthraíodh **18,564** lá forbartha gairmiúla agus foghlaim do na seimineáir NCSE agus seimineáir don bhFoireann Iomlán

Reáchtáladh **465** cúrsa

[1] Féadfaidh tacaíocht laistigh den scoil a bheith mar sholáthar cúnamh trí fheidhmiú SET; tacaíocht laistigh den scoil a sholáthar maraon le CPD do mhúinteoirí a fhorbairt is a sholáthar.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education